

Gay Byrne

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcraultóir aitheanta Gay Byrne, a fuair bás ar an gceathrú lá de mhí na Samhna. Pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin bpearsa mór le rá seo leis an duine in aice leat.



Ceist 2

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. pearsa mhór	a. <i>homage, respect</i>
2. ómós	b. <i>there were many personalities</i>
3. comhghleacaithe	c. <i>ambitious</i>
4. oifigeach airm	d. <i>the presidential election</i>
5. uaillmhianach	e. <i>busy</i>
6. comhlachtaí árachais & díolacháin	f. <i>colleagues</i>
7. b'iomaí pearsa	g. <i>controversial</i>
8. iomráiteach	h. <i>big personality, figure</i>
9. conspóideach	i. <i>army officer</i>
10. broidiúil	j. <i>investments</i>
11. infheistíochtaí	k. <i>well-known</i>
12. toghchán na huachtaránachta	l. <i>insurance and sales companies</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus cuir na habairtí seo a leanas in ord aimsire, trí uimhir a haon a chur in aice leis an abairt a bhaineann le tús shaol Gay Byrne agus mar sin ar aghaidh.

- B'oifigeach airm é a athair agus bhí a mháthair an-uaillmhianach dá clann.

- Cé gur shíl daoine go mbeadh seans maith aige, níor rith sé i dtoghchán uachtaránachta na bliana 2011.
- Chaill sé go leor airgid de bharr droch-infheistíochtaí.
- Chuireadh sé mná tí na hÉireann agus iomaitheoirí Rós Thrá Lí faoi agallamh ar feadh na mblianta.
- Thosaigh sé amach ag obair i gcomhlachtaí árachais agus díolacháin.
- Fuair sé bás.
- Ghlac sé post mar chathaoirleach ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Nuair a d'éirigh sé as *The Late Late Show* chuireadh sé cláir eile i láthair ar nós *Who Wants to be a Millionaire*.
- Thosaigh sé leis na meáin chumarsáide ar dtús i Sasana le Granada TV agus an BBC.
- Roghnaíodh é mar láithreoir ar *The Late Late Show*.

Ceist 4 Uimhreacha

Scríobh amach na huimhreacha seo a bhí le cloisteáil sa mhír ar bhealach eile:

Cúig bliana le cois na ceithre scór
Dhá scór bliain
Leathchéad bliain
Deich mbliana fichead

Ceist 5 ‘...Chaith...’

- A. Cum ceisteanna san aimsir chaite, bunaithe ar ábhar na míre, leis na briathra rialta seo a bhí le cloisteáil sa mhír:

caith, cuir, pós, fan, éirigh, léirigh, diúltaigh, glac

Mar shampla: Ar chaith Gay Byrne daichead bliain ag cur *The Late Late Show* i láthair?

- B. Cuir na ceisteanna a chum tú ar an duine in aice leat.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a dtaitníonn *The Late Late Show* le muintir na hÉireann, dar leat?
2. An bhfuil an tionchar céanna ag *The Late Late Show* ar shochaí na tíre sa lá atá inniu ann is a bhí fiche bliain ó shin? Mínigh.
3. Cén cineál pearsantachta a bhí ag Gay Byrne?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do gach beirt a bhfuil ar eolas acu faoi Gay Byrne a phlé le chéile.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
h	a	f	i	c	l	b	k	g	e	j	d

Ceist 3

1. B'óifigeach airm é a athair agus bhí a mháthair an-uaimhianach dá clann.
2. Thosaigh sé amach ag i gcomhlachtaí árachais agus díolacháin.
3. Thosaigh sé leis na meáin chumarsáide ar dtús i Sasana le Granada TV agus an BBC.
4. Roghnaíodh é mar láithreoir ar *The Late Late Show*.
5. Chuireadh sé mná tí na hÉireann agus iomaitheoirí Rós Thrá Lí faoi agallamh ar feadh na mblianta.
6. Chaill sé go leor airgid de bharr droch-infheistíochtaí.
7. Nuair a d'éirigh sé as *The Late Late Show* chuireadh sé cláir eile i láthair ar nós *Who Wants to be a Millionaire*.
8. Ghlac sé post mar chathaoirleach ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
9. Cé gur shíl daoine go mbeadh seans maith aige, níor rith sé i toghchán uachtaránachta na bliana 2011.
10. Fuair sé bás.

Ceist 4

Cúig bliana le cois na ceithre scór: cúig bliana is ochtó nó ochtó a cúig bliain

Dhá scór bliain: daichead bliain

Leathchéad bliain: caoga bliain

Deich mbliana fichead: tríocha bliain

Ceist 5

Caith: Ar chaith...?/Chaith./Níor chaith.

Cuir: Ar chuir...?/Chuir./Níor chuir.

Pós: Ar phós...?/Phós./Níor phós.

Fan: Ar fhan...?/D'fhan./Níor fhan.

Éirigh: Ar éirigh...?/D'éirigh./Níor éirigh.

Léirigh: Ar léirigh...?/Léirigh./Níor léirigh.

Diúltaigh: Ar dhiúltaigh...?/Dhiúltaigh./Níor dhiúltaigh.

Glac: Ghlac...?/Ghlac./Níor ghlac.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá an craoltóir agus an phearsa mhór theilifíse Gay Byrne tar éis bháis. Cúig bliana le cois na ceithre scór a bhí sé agus bhí sé tinn le tamall. Chaith Gay Byrne beagnach dhá scór bliain ag cur an chláir teilifíse *The Late Late Show* i láthair. Agus bhíodh a chlár raidió féin aige freisin ar RTÉ. Ina measc siúd a bhfuil ómós léirithe acu dó tráthnóna tá an tUachtarán, Michael D. Higgins, an Taoiseach, Leo Varadkar agus a chomhghleacaithe in RTÉ, Ryan Tubridy agus Joe Duffy.

Séamus Ó Scanláin

Le breis agus leathchéad bliain bhí a éadan le feiceáil agus a ghlór le cloisteáil i mórán gach uile theach sa tír. Mac le hoifigeach airm a throid sa gCéad Chogadh Mór agus máthair a bhí uaimhianach dá clann, chaith Gay Byrne tús a shaoil oibre i gcomhlachtaí árachais agus díolacháin.

Ach ansin, chuaigh sé leis na meáin – i Sasana le Granada TV agus an BBC. Faoi 1962 bhí RTÉ bunaithe agus fágadh an clár mór teilifíse *The Late Late Show* faoi láithriú Gay Byrne. B'iomaí pearsa iomráiteach cháiliúil a bhí faoi agallamh aige, cuid díobh conspóideach - leithéidí na bpolaiteoirí Pádraig Flynn agus Peter Brooke, chomh maith le Annie Murphy agus a caidreamh le Eamonn Casey. I dteannta na hoibre seo, chuir Gay Byrne mná tí na hÉireann faoi agallamh i gcomórtas náisiúnta dá leithéid agus bhíodh iomaitheoirí Rós Thrá Lí os a chomhair ar feadh na mblianta.

Ba réalta mór i gcúrsaí raidió Gay Byrne chomh maith, a chlár rialta féin aige maidineacha na seachtaine ar feadh beagnach deich mbliana fichead.

Phós sé pearsa chraoltóireachta eile, Kathleen Watkins, a sheas leis i gcónaí go dílis.

D'fhan Gay Byrne broidiúil tar éis dó éirí as a chúraimí go hoifigiúil. É ag láithriú teilifíse le *Who Wants to be a Millionaire*, *The Meaning of Life* agus *Make 'em Laugh*. Agus, léirigh sé féin acmhainn grinn go minic.

Ach, níorbh aon údar grinn dó, áfach, a scéala i 1986, go raibh a chuntasóir agus a sheanchara Russell Murphy tar éis gaoth a thabhairt dá chuid airgid. Buaileadh Gay Byrne sa bpóca freisin blianta ina dhiaidh sin nuair a theip ar infheistíochtaí eile dá chuid.

Dhiúltaigh sé rith i dtoghchán na hUachtaránachta 2011. Deireadh go leor go n-éireadh leis. Ach, ghlac sé le post mar chathaoirleach ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2006, cúis a bhí gar dá chroí féin.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4